Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**2010·S52T**

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2010

# Ealaín Ceardaíocht Gréaschóiriú –*Tionscadal*

ARDLEIBHÉAL

*Á eisiúint d'Oidí Ealaíne agus do Mhic Léinn um Ealaín Ceardaíocht Gréaschóiriú*

1 DEIREADH FÓMHAIR 2009

***Ní mór an tionscadal a bheith críochnaithe faoin***

**30 AIBREÁN 2010**

An t-íosmhéid ama a mholtar: 42 uair an chloig

**Tá 300 marc ag gabháil leis an tionscadal**

75 marc—ULLMHÚCHÁN: Taighde agus fiosrúchán ag baint úsáide as meáin éagsúla.
75 marc—FORBAIRT: Staidéir a léiríonn smaointe cruthaitheacha indibhidiúla.
120 marc—RÉADÚ: Na saothair 2T agus 3T críochnaithe
30 marc—STAIDÉIR THACAÍOCHTA: Obair radharcach agus scríofa atá bainteach leis an tionscadal

# *Treoracha do Mhúinteoirí agus d'Iarrthóirí san Ealaín, Ceardaíocht, Gréaschóiriú i Scúdú an Teastais Shóisearaigh, 2010*

OBAIR THIONSCADAIL

Ní mór an Tionscadal san Ealaín, Ceardaíocht, Gréaschóiriú a chomhlánú de réir an Chiorcaláin S64/09 (www.examinations.ie). Tá ar an múinteoir a dheimhniú go dtugtar cóip den scrúdpháipéar *An Teastas Sóisearach, 2010: Ealaín, Ceardaíocht, Greaschóiriú (Tionscadal): S52T* do gach iarrthóir. Ní mór don mhúinteoir a dheimhniú gurb í a c(h)uid oibre individiúil féin atá in ullmhúchán, forbairt agus réadú an tionscadail ar fad ag an iarrthóir agus caithfidh an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar an obair seo ar bhonn rialta. Is gá an obair thionscadail (réadú) a chur i gcrích sa scoil faoi mhaoirseacht an mhúinteora agus NÍ CEADMHACH don iarrthóir ná don mhúinteoir í a aistriú as an scoil sula marcáiltear an scrúdú i mí an Mheithimh.

# *Tá ar mhúinteoirí comhairle a chur ar iarrthóirí i dtaca leis na rialacháin a leanas:*

OBAIR THIONSCADAIL

- Caithfidh gur líníochtaí de chuid an iarrthóra féin atá sa réamhobair ar fad. Ní bhronnfar marcanna muna bhfuil gearrthaíocha, fótachóipeanna agus/nó rianaithe bunaithe ar bhunfhoinsí.
- Caithfidh go mbeidh gaol le sonrú idir gach roinn den Tionscadal agus an téama roghnaithe, mar a leirítear é ar an taobh amuigh den fhorchlúdach tionscadail. Muna mbíonn, caillfidh an t-iarrthóir marcanna faoi na ceannteidil ábhartha sa scéim mharcála.
- Ní ceadmhach go sáródh aon toisí déthoiseacha ná tríthoiseacha na huastoisí a shonraítear ar scrúdpháipéar 2010. Muna gcloíonn an t-iarrthóir leis an treoir seo, caillfidh sé/sí marcanna faoi na ceannteidil ábhartha sa scéim mharcála.

# TÉAMAÍ

*Roghnóidh iarrthóirí CEANN AMHÁIN*

1. **Spiorad Pobail i mo chomharsanacht féin**
2. **Buail liom ag  an Reic**
3. **Rithim an tSolais agus na Scáile**
4. **Amuigh faoin Aer**
5. **Sóláis Bheaga na Beatha**
6. **Dán:**

**RAINDROPS**
*by Gloria Buono Daly*

**Raindrops sleeping in a cloud**
**Breathing oceans' vapour**
**Eating oceans' salt**
**Growing steadily strong**
**With storms and winds**
**Bursting with love**
**Becoming a precious gift**
**From sky to earth**
**Nourishing grass and trees**
**And plants and flowers**
**Pouring in oceans, lakes and rivers**
**Celebrating life**
**Tap dancing on window panes**
**And singing with the wind**
**Before falling down to the ground**
**As sunshine dries the air**
**And raindrops disappear.**

## *Treoracha d'iarrthóirí*

Is féidir do smaoineamh a fhorbairt ag tosú duit ó fhoinsí 2T, 3T nó ó Staidéir Thacaíochta agus breathnóireacht dhíreach nó samhlaíocht nó teaglaim den dá shórt á feidhmiú agat.
Is cuid riachtanach den tionscadal na staidéir ullmhúcháin agus ní mór íomhánna samhailteacha nó breathnaitheacha an iarrthóra a bheith faoi iamh. Ní ghlacfar le cóipeáil/rianú amháin.
Déan deimhin de go bhfuil do scrúduimhir ar taispeáint go soiléir ar gach cuid den obair a chuirtear i láthair. Cuir lipéad ar gach bileog a chuirtear i láthair agus ar an lipéad gumaithe a bheidh ann chuige sin scríobh síos an ceannteideal cuí.
Ní dhéanfar scrúdú ach ar 9 mbileog A2 ar a mhéad. Ní cóir ach sraith amháin d'obair ealaíne a chur ar gach bileog.
Ná déan obair ar bith ar chúl bileoige.

# An Tionscadal

*Réimsí staidéir a éilítear*

**Staidéir 2T**
**Staidéir 3T**
**Rogha**
**Staidéir thacaíochta**

Is féidir leat do chuid oibre do na réimsí staidéir a éilítear a tháirgeadh in aon ord is mian leat. Agus píosa oibre críochnaithe agat is gá duit na staidéir ullmhúcháin chuí, a thaispeánann bunús agus forbairt na hoibre, a ghreamú ar bhileog de pháipéar líníochta 59 x 42cm (A2) ar a mhéad.

■ Ní ceadmhach go sáródh aon toisí déthoiseacha ná tríthoiseacha na huastoisí a shonraítear ar scrúdpháipéar 2010. Muna gcloíonn an t-iarrthóir leis an treoir seo, caillfidh sé/sí marcanna faoi na ceannteidil ábhartha sa scéim mharcála.

# Staidéir 2T

## *Péintéireacht*

Déan péintéireacht atá bunaithe ar do phointe tosaigh.
Is féidir feidhm a bhaint as ábhair mheasctha.

**NÓ**

## *Gréaschóiriú Grafach*

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas atá bunaithe ar do phointe tosaigh.

1. **Póstaer**
2. **Clúdach Físeáin**
3. **Forchlúdach Leabhair**
4. **Stampa Poist**
5. **Clúdach Ceirnín**
6. **Clúdach CD**
7. **Lógó**
8. **Bróisiúr**

Ní féidir dul thar 59 x 42cm (A2)
mar uasmhéid i gcás na péintéireachta ná an ghréaschóirithe ghrafaigh.

# Staidéir Thacaíochta don 2T

Is féidir staidéir thacaíochta a bheith i bhfoirm radharcach agus i bhfoirm scríofa agus ba chóir go mbeadh ceangal idir iad agus an réimse seo de do thionscadal agus ba chóir go neartódh siad é. Ba chóir an roghnú deireanach díobh seo a ghreamú ar bhileog pháipéir 59 x 42cm (A2) ar a mhéad. Níor chóir ach sraith amháin d'obair ealaíne a chur ar gach bileog A2.

# Staidéir 3T

Forbair smaoineamh atá bunaithe ar do phointe tosaigh agus cuir i gcrích é le ceann amháin nó le teaglaim díobh seo a leanas:

1. **Múnlóireacht**
2. **Snoíodóireacht**
3. **Tógáil**

Maidir le toisí an phíosa oibre ní féidir dul thar 80cm i gcás an toise is mó.

# Roghanna

Dear agus déan, ag leanúint le do phointe tosaigh roghnaithe mar bhonn agat, **ROGHA ÁMHÁIN** díobh seo a leanas:

| | *Uasmhéid* |
|---|---|
| **Baitíc** | 59x42cm (A2) |
| **Blocphriontáil** | 59x42cm (A2) |
| **Eitseáil** | 59x42cm (A2) |
| **Leabharcheardaíocht** | 59x42cm (A2) |
| **Peannaireacht** | 59x42cm (A2) |
| **Bróidnéireacht** | 59x42cm (A2) |
| **Fabraicphriontáil** | 59x42cm (A2) |
| **Scáthlánphriontáil** | 59x42cm (A2) |
| **Fíodóireacht** | 59x42cm (A2) |
| | *Uasluach i dtoise ar bith* |
| **Miotalóireacht Ealaíne** | 26cm |
| **Snoíodóireacht** | 26cm |
| **Múnlóireacht/Teilgean** | 26cm |
| **Pacáistíocht** | 26cm |
| **Criadóireacht/Ceirmeacht** | 26cm |
| **Puipéadracht** | 60cm |

Tá sé thar a bheith tábhachtach cloí i ngach cás leis na huastoisí a shonraítear maidir leis na roghanna thuas. Muna gcloíonn an t-iarrthóir leis an treoir seo, caillfidh sé/sí marcanna faoi na ceannteidil ábhartha sa scéim mharcála.

## Staidéir Thacaíochta don 3T agus don Rogha

Is féidir staidéir thacaíochta a bheith i bhfoirm radharcach agus i bhfoirm scríofa agus ba chóir go mbeadh ceangal idir iad agus an réimse seo de do thionscadal agus ba chóir go neartódh siad é. Ba chóir an roghnú deireanach díobh seo a ghreamú ar bhileog pháipéir 59 x 42cm (A2) ar a mhéad. Níor chóir ach sraith amháin d'obair ealaíne a chur ar gach bileog A2.

## *Liosta Seiceála don Tionscadal Ardleibhéil*

| | |
|---|---|
| 1. | Ullmhúchán don phéintéireacht nó don ghréaschóiriú grafach |
| 2. | Péintéireacht nó gréaschóiriú grafach déanta |
| 3. | Staidéir thacaíochta don phéintéireacht nó don ghréaschóiriú grafach |
| 4. | Ullmhúchán don 3T |
| 5. | An 3T déanta |
| 6. | Ullmhúchán don rogha (2T nó 3T) |
| 7. | Rogha (2T nó 3T) déanta |
| 8. | Staidéir thacaíochta don 3T agus don rogha |

## *Liosta seiceála don aonad líníochta ag an Ardleibhéal*

| | |
|---|---|
| 9. | Líníocht ar fhoirmeacha nádúrtha/saorga |
| 10. | Líníocht ar fhoirmeacha daonna |

***Ná bíodh ach naoi mbileog ar a mhéad faoi iamh uait don Ardleibhéal.***
***Ní mór na bileoga sin a chur sa chlúdach atá curtha ar fáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.***
***Ní mór an obair 3T a bheith ar barr.***
***Ní ceart obair 3T a chur i mbeartán ná i mbosca.***

- **Beidh an Scrúdú Líníochta ann i mí Bealtaine 2010. Ba chóir go bhfaighfeá an ceistpháipéar seacht lá roimh an scrúdú.**

- **Le linn an seacht lá seo, tig leat do líníocht ar do mhír roghnaithe a chleachtadh, CÉ ACU as Catagóir A (Foirmeacha Nádúrtha) nó as Catagóir B (Foirmeacha Saorga) ar Scrúdpháipéar 2010.**

- **Tig leat, freisin, cleachtadh a dhéanamh ar líníocht na staidiúire ar a bhfuil cur síos déanta i gCatagóir C (Foirmeacha Daonna) ar Scrúdpháipéar 2010.**

- **Ar lá an scrúdaithe, ní mór duit tosú as an nua ar do líníocht ar bhileoga bána, folmha líníochta.**

- **NÍ CEADMHACH DUIT OBAIR EALAÍNE D'AON CHINEÁL A THABHAIRT LEAT ISTEACH SAN IONAD SCRÚDAITHE.**

**Is cion é forchlúdach séalaithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit a athoscailt sula dtarlaíonn an mharcáil i mí an Mheithimh.**